


## Féile Raifteirí

**<u>9-10 Márta 2007</u>**

Seo a leanas imeachtaí an fhéile:

Tosóidh an Féile Oíche Aoine 9 Márta le seisiúin ceoil agus comórtas filíochta i dTeach tábhairne áitiúil agus Ciarán Ó Maonaigh mar aoi speisialta i gCreachmhaoil.

Beidh formhór na himeachtaí ag tarlú ar an tSatharn ag toiseacht le cuairt ar Reilig Cillínín taobh amuigh de Chreachmhaoil ag 2.00i.n. le staraí áitiúla Pat Kelly, Príomhoide Scoil Náisiúnta i gCreachmhaoil. Is anseo a bhfuil Raifteirí curtha agus beidh turais oidhreachta ar an chomharsanacht máguaird.

Tá sé i gceist roinnt ceardlanna a eagrú chomh maith @ 3.30 i.n.:

- Ceardlann Amhránaíochta ar an Sean-Nós le Treasa Ní Cheannabháin agus Naisirín Elsafty
- Ceardlanna ar an fhidil:

Feabhasóirí le Ciarán Ó Maonaigh

Ceardlann Mháistreachta le Paul Bradley.

Ag 7.30 san oíche, beidh léacht ar shaol agus saothar Raifteirí leis an staraí iomráiteach Nollaig Ó Gadhra nó le Gearóid Ó Tuathaigh NUIG.

Beidh Ceolchoirm Mhór in onóir Raifteirí ag toiseacht ag 9.00 i.n. Meaitie Jó Shéamais mar fhear a' Tí agus réimse breá ceoltóirí, rinceoirí agus amhránaithe ar ardán. Seosamh Ó Cuaig RTÉ RnaG agus duine áitiúil l'aithris a dhéanamh ar fhilíocht Raifteirí.

<u>Ceoltóirí</u>: Ciarán Ó Maonaigh, Paul Bradley, Maureen Fahy, Claire agus Breeda Keville, maraon le go leor ceoltóirí áitiúla. Paddy Fahy mar aoi-onórach na hoíche.

<u>Rinceoirí:</u> eagraithe ag Bridie Clinton. CCÉ Bhaile Locha Riach.

<u>Amhránaithe</u>: Treasa Ní Cheannabháin, Naisirín Elsafty.

**Comórtas Filíochta Raifteirí** urraithe ag Conradh na Gaeilge Bhaile Locha Riach. Spriocdáta 16 Márta.

- 7 mbliana agus faoi
- 8-10 mbliana
- 11-14 bliana
- 15 bliana nó níos sine

1ú, 2ú agus 3ú duais i ngach rannóg.

Ba cheart a chinntiú go bhfuil na sonraí seo a leanas ar chúl gach dán:

- Ainm:
- Aois:
- Múinteoir:
- Scoil:

Is féidir dán a chumadh (beag nó mór) ar ábhar ar bith, seo roinnt samplaí:

- Carachtar, laoch nó duine suimiúil.
- Mothúcháin; Grá, Brón ...
- Dúlra, nádúr agus timpeallacht

